

**Bord Oideachais agus Oiliúna Átha  
Claith agus Dhún Laoghaire  
Dublin and Dún Laoghaire Education  
and Training Board**

**Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní  
2023**



# Clár na nÁbhar



<a href="#"><u>Réamhrá</u></a>	3
<a href="#"><u>Anailís ar an mBearna Phá idir na hInscní 2023</u></a>	4
<a href="#"><u>Ráiteas ar an mBearna Phá idir na hInscní 2023</u></a>	6

## 1. RÉAMHRÁ

Leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní 2021, tugadh isteach bunús reachtach chun tuairisciú a dhéanamh ar an mbearna phá idir na hinscní. De bharr na rialachán, beidh eagraíochtaí ina bhfuil os cionn 250 fostaí faoi cheangal dlí tuarascáil a sholáthar faoin mbearna phá idir na hinscní a bhí san eagraíocht sa bhliain 2023.

Is é seo Tuarascáil faoin mBearna Phá idir na hInscní de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire don bhliain 2023 agus tá sí bunaithe ar ghrúpa fostaithe a ndearnadh anailís orthu ar an 30 Meitheamh 2023. Is éard atá sa bhearna phá ná an difríocht idir meánphá in aghaidh na huaire d'fhir agus do mhná in eagraíocht, beag beann ar shinsearach.

Ní mór d'fhostóirí tuairisc a thabhairt maidir le sé bheart éagsúla, bunaithe ar roghbhliúire de shonraí pá ar dháta roghnaithe ag Oifig Chomhionannais an Rialtais:

1. An bhearna airmheánach phá idir na hinscní – an difríocht idir ráta airmheánach pá in aghaidh na huaire a fhaigheann fir i bpost lánaimseartha ábhartha agus mná i bpost lánaimseartha ábhartha.
2. Meánbhearna phá idir na hinscní – an difríocht idir an mheánráta pá a fhaigheann fir i bpost lánaimseartha ábhartha agus mná i bpost lánaimseartha ábhartha.
3. Bearna bhónais airmheánach – an difríocht idir an bónas airmheánach a íoctar le fir i bpost ábhartha agus le mná i bpost ábhartha.
4. Meánbhearna bónais – an difríocht idir an meánphá bónais a íoctar le fir i bpost ábhartha agus le mná i bpost ábhartha Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2022
5. Comhréir na mbónas – comhréir na bhfostaithe fireann agus baineann ábhartha a fuair bónas sa tréimhse ábhartha.
6. Bandaí pá ceathairíleacha – comhréir na bhfostaithe fireann agus baineann i bpoist lánaimseartha ábhartha sna ceithre bandaí pá ceathairíleacha – íseal, méaníseal, meánuachtarach agus uachtarach.

Ina theannta sin, ní mór d'fhostóirí ráiteas a fhoilsiú ina leagtar amach, i dtuairim na bhfostaithe, an fáth go bhfuil bearna phá idir na hInscní ina gcomhlacht, agus na bearta atá á ndéanamh nó a bheidh á ndéanamh ag an bhfostóir chun deireadh a chur leis an mbearna phá sin nó í a laghdú.

## 2. ANAILÍS AR AN mBEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ 2023

Léiríonn an tuarascáil gurb í 7.08 % an Mheánbhearna Phá idir na hInscní atá ann agus - 0.60% an Bhearna Airmheánach Phá idir na hInscní atá ann

Ar an iomlán, is é seo an miondealú inscne a bhí ann: Fireann 29.18% Baineann 70.82%

- Páirtaimseartha Fireann 23.05% Baineann 76.95%
- Lánaimseartha Fireann 32.62% Baineann 67.38%

Dáta roghbhliúire	30 Meitheamh 2023	<b>Meán: 7.08%</b> <b>Airmheán: 0.60%</b>
Tréimhse Thuairiscithe - Ó	1 Iúil 2022	
Tréimhse Thuairiscithe - Go dtí	30 Meitheamh 2023	

### Líon na nDaoine ar an Dáta Roghbhliúire

Líon na nDaoine	Fostaithe Lánaimseartha	Fostaithe Páirtaimseartha	Líon Iomlán na bhFostaithe	Fostaithe Sealadacha
Fireann	791	308	1099	0
Baineann	1634	1028	2662	8
<b>Iomlán</b>	<b>2425</b>	<b>1336</b>	<b>3761</b>	<b>8</b>

### Méadracht ar an mBearna Phá idir na hInscní [Rialacháin 7(1), 8(1), 9(1), 10(1)]

	Bearna Phá idir na hInscní san Íocaíocht in aghaidh na hUaire			
	Meán	%	Airmheán	%
Fostaithe Lánaimseartha	R.7(1)(a)	4.26	R.8(1)(a)	-1.06
Fostaithe Páirtaimseartha	R.7(1)(b)	10.38	R.8(1)(b)	.02
Oibríthe Sealadacha	R.7(1)(c)	0	R.8(1)(c)	0

	Bearna Phá idir na hInscní maidir le Bónas			
	Meán	%	Airmheán	%
Bónas	R.9(1)(a)	N/B	R.9(1)(b)	N/B

	% na bhFostaithe Fireann		% na bhFostaithe Baineann	
	R.9(1)(c)	%	R.9(1)(c)	%
% atá ag fáil Bónas	R.9(1)(c)	N/B	R.9(1)(c)	N/B

% atá ag fáil Sochar Comhchineáil	R.9(1)(d)	N/B	R.9(1)(d)	N/B
-----------------------------------	-----------	-----	-----------	-----

<b>Ceathairleanna Pá</b>		% Fireann		% Baineann
Ceathairíl Uachtarach	<i>R. 10(1)(a)</i>	<b>50.74</b>	<i>R. 10(1)(a)</i>	<b>49.26</b>
Ceathairíl Meánuachtarach	<i>R. 10(1)(b)</i>	<b>49.74</b>	<i>R. 10(1)(b)</i>	<b>50.26</b>
Ceathairíl Meániseal	<i>R. 10(1)(c)</i>	<b>49.75</b>	<i>R. 10(1)(c)</i>	<b>50.25</b>
Ceathairíl Íseal	<i>R. 10(1)(d)</i>	<b>48.18</b>	<i>R. 10(1)(d)</i>	<b>51.82</b>

Fostaithe lánaimseartha:

*Meánbhearna Phá idir na hInscní d'fhostaithe lánaimseartha*

Is í an meánbhearna phá idir na hInscní in aghaidh na huairé d'fhostaithe lánaimseartha ná 7.08% i bhfabhar fostaithe fireann.

*Bearna Airmheánach Phá d'fhostaithe lánaimseartha*

Is í an bhearna phá airmheánach d'fhostaithe lánaimseartha ná 1.06% i bhfabhar fostaithe baineann.

Fostaithe Páirtaimseartha:

*Meánbhearna Phá idir na hInscní d'fhostaithe páirtaimseartha*

Is í an meánbhearna phá idir na hInscní in aghaidh na huairé d'fhostaithe páirtaimseartha ná 10.38% i bhfabhar fostaithe fireann.

*Bearna Airmheánach Phá idir na hInscní d'fhostaithe páirtaimseartha*

Is í an bhearna airmheánach phá idir na hInscní d'fhostaithe páirtaimseartha ná 0.00 %.

### 3. RÁITEAS AR AN mBEARNA PHÁ IDIR NA hINSCNÍ 2023

Tá scálaí tuarastail na mBord Oideachais agus Oiliúna uile faofa ag an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta, Eolaíochta. Níl aon solúbthacht againn chun scálaí tuarastail eile a chur i bhfeidhm maidir le tacar sainscileanna ar bith. Tarlaíonn sé ó am go ham go bhfuil fostaí nua ag bogadh ó phost eile sa tseirbhís phoiblí. Má cheaptar é/í i bpost a mheastar go bhfuil sé analógach leis an ngrád/scála atá aige/aici cheana féin, d'fhéadfaí an fostaí nua a cheapadh ag an bpointe atá acu ar an scála ag an am sin.

Cloíonn BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire le gach scála seirbhíse poiblí agus le gach comhaontú pá atá ann. Cinntíonn sé seo go n-íoctar gach duine go cothrom don obair a dhéantar nó d'obair atá cosúil leis an obair sin. Cloímid freisin le Ciorclán 47/2020 – Socruithe athbhreithnithe maidir le pá tosaigh. Sa chiorclán seo deirtear go gcaithimid daoine a cheapadh ag an íospointe ar an scála.

Déanann BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire a dhícheall dul de réir an dea-chleachtais agus déantar cinnte de go bhfuil rochtain ag cách ar ár n-áiteanna oibre. Tá oiliúint faighte ag gach ball de na boird roghnúcháin agallaimh maidir leis an gclaontacht neamh-chomhfhiosach agus cúrsaí míchumais agus déanann siad cinnte de go bhfuil gach polasaí agus nós imeachta ionchuisitheach agus inrochtana.

Is í an chúis atá leis na difríochtaí inscne ná go bhfuil níos mó mná ná fir fostaithe ag BOO i mbeagnach gach grád. Mar sin, d'fhéadfaí an cheist a chur – cén fáth a bhfuil bearna phá idir na hinscní ann? Léiríonn an anailís atá déanta againn gurb iad mná inár BOO, den chuid is mó, a bhaineann leas as scéimeanna a thacaíonn le teaghlaigh. Nuair a bheartaíonn fostaithe post a roinnt, bliain oibre níos giorra a bheith acu srl. laghdaítear a mbunphá bliantúil agus is iad mná den chuid is mó inár BOO a bhaineann leas as scéimeanna a thacaíonn le teaghlaigh. Dá bharr sin, tagann bearna phá chun cinn idir na hinscní.

Leanfaidh BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar aghaidh ag déanamh anailíse agus ag tabhairt aghaidh ar léargais ónár dtuarascálacha bliantúla ar Bhearnaí Phá idir na hinscní, agus forbrófar gníomhartha agus tionscnaimh de réir mar is gá sna blianta atá romhainn chun dul i ngleic le saincheisteanna a thagann chun cinn, i gcomhairle, nuair is cuí leis an Roinn Oideachais/an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.